Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**9935/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0347(COD)**

**ENV 621**
**ENER 325**
**IND 281**
**TRANS 223**
**ENT 118**
**SAN 345**
**AGRI 297**
**CODEC 1019**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14217/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (athmhúnlú)<br>- Díospóireacht bheartais |

I bhfianaise na díospóireachta beartais ag cruinniú na Comhairle (Comhshaol) an 20 Meitheamh 2023, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, nóta cúlra agus ceisteanna a d'ullmhaigh an uachtaránacht chun struchtúr a chur ar an bplé.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra agus na ceisteanna, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a thabhairt dá aire agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle i bhfianaise na díospóireachta beartais.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (athmhúnlú)**

**- Díospóireacht bheartais -**

Tá aer glan riachtanach do shláinte an duine agus do chothú an chomhshaoil. Tá feabhsuithe móra ar cháilíocht an aeir bainte amach san Aontas le cúpla scór bliain anuas ach is é truailliú aeir is cúis go fóill le thart ar 300 000 bás anabaí in aghaidh na bliana agus le go leor galar, agus is é an phríomhchúis chomhshaoil i gcónaí é leis an mbás luath san Aontas.

Tá na treoracha maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh[1] atá ann faoi láthair mar chuid de chreat beartais maidir le haer glan ina gcuimsítear freisin reachtaíocht eile lena socraítear caighdeáin astaíochtaí ó phríomhfhoinsí agus lena rialaítear laghdú astaíochtaí náisiúnta. Bíonn tionchar ag beartais eile a théann i bhfeidhm ar iompar, tionscal, fuinneamh, talmhaíocht agus ar earnálacha eile ar thruailliú aeir freisin.

Baineadh de thátal as seiceáil oiriúnachta a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach in 2019 go raibh na treoracha maidir le cáilíocht an aeir éifeachtach i bpáirt maidir le cáilíocht an aeir a fheabhsú agus caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach, ach nár comhlíonadh a gcuspóirí go léir go dtí seo.

Tar éis an ghealltanais a thug an Coimisiún sa Teachtaireacht uaidh maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[2], rud a dhearbhaigh sé ina Theachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta de chuid an Aontais: *Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú][3], leis an athbhreithniú atá beartaithe ar na treoracha maidir le cáilíocht an aeir atá ann cheana, déantar an dá threoir a chumasc i dtreoir amháin agus féachtar le caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú níos dlúithe le moltaí EDS, an creat reachtach a fheabhsú agus faireachán, samhaltú agus pleananna maidir le cáilíocht an aeir a neartú.

---

1 Treoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha san aer comhthimpeallach agus Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip.

2 15051/19 + ADD 1.

3 8753/21 + ADD 1-3.

**Staid na hoibre sa Chomhairle**

An 26 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún a thogra le haghaidh Treoir maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (athmhúnlú)[4]. Chuir an Coimisiún a thogra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 18 Samhain 2022. Cuireadh an togra faoi bhráid na Comhairle (Comhshaol) ina dhiaidh sin ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Nollaig 2022.

Ag tosú i mí Eanáir, scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an togra le linn cúig chruinniú faoi Uachtaránacht na Sualainne. Phléigh an Mheitheal um an gComhshaol freisin Airteagail 1 go 11 ar bhealach níos mionsonraithe agus thíolaic an Uachtaránacht an chéad téacs comhréitigh lena gcumhdaítear na hairteagail sin.

Bhí an plé a rinneadh go dtí seo sa Mheitheal um an gComhshaol dearfach agus cuiditheach agus bhíothas in ann a lán pointí den togra a shoiléiriú mar gheall air. Ar an iomlán, tá a lán toscaireachtaí dearfach i leith an togra, ach tá imní ar roinnt acu freisin maidir leis na costais a bhaineann le caighdeáin agus rialachas níos uaillmhianaí maidir le cáilíocht an aeir, agus maidir le gnéithe eile den togra, lena n-áirítear na naisc atá aige le píosaí eile reachtaíochta a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht an aeir agus na forálacha maidir le rochtain ar cheartas, ar chúiteamh agus ar phionóis.

**Na hábhair a phléifear**

Chun treoir a chur ar fáil le haghaidh tuilleadh oibre ar an leibhéal teicniúil, iarrann an Uachtaránacht ar an gComhairle (Comhshaol) tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh ar na hábhair seo a leanas ag an gcruinniú a bheidh aici an 20 Meitheamh 2023.

[4] 14217/22 + ADD 1-8.

*Leibhéal ginearálta uaillmhéine chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú an aeir*

Is cuid lárnach den togra iad caighdeáin nuashonraithe agus neartaithe maidir le cáilíocht an aeir. Bunaithe ar thaighde agus ar eolas nua maidir le héifeachtaí an truaillithe aeir ar an tsláinte, rinne EDS a threoirlínte maidir le cáilíocht an aeir a nuashonrú in 2021. Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar phacáistí beartais éagsúla, mhol an Coimisiún sraith caighdeán maidir le cáilíocht an aeir, lena n-áirítear teorainnluachanna do 11 substaint agus spriocluach d'ózón, a bheidh le baint amach faoi 2030. Socraítear na teorainnluachanna atá beartaithe ag leibhéil arb ionann iad agus 'ailíniú níos dlúithe' le treoirlínte EDS. Tá dáta 2030 socraithe chun a áirithiú go mbeidh aga tionscanta agus am leordhóthanach ann le haghaidh comhordú le beartais ghaolmhara, mar shampla an pacáiste 'Oiriúnach do 55'. Moltar athbhreithniú gach 5 bliana chun a mheas an bhfuil na caighdeáin a leagtar síos sa treoir atá beartaithe fós iomchuí nó an gá é a athbhreithniú chun ailíniú le treoirlínte EDS agus dul chun cinn leanúnach i dtreo timpeallacht saor ó thocsainí in 2050 a áirithiú.

I dteannta na dteorainnluachanna a moladh ar deireadh, rinne an Coimisiún dhá rogha eile a mheas: teorainnluachanna nach bhfuil chomh sriantach as a n-eascraíonn 'ailíniú páirteach' nó luachanna níos déine as a n-eascraíonn 'ailíniú iomlán' le treoirlínte EDS. Léirítear i measúnú tionchair an Choimisiúin go mbeadh tairbhí suntasacha don tsláinte agus don chomhshaol ag baint le gach ceann de na trí rogha, tairbhí ar tábhachtaí iad ná na costais, bíodh is nach ionann na tairbhí éagsúla sin. Ina ainneoin sin, léirítear sa phlé a rinneadh sa Mheitheal um an gComhshaol go measann roinnt toscaireachtaí go bhfuil na costais riaracháin agus na costais eile a bhaineann leis na teorainnluachanna atá beartaithe a bhaint amach ró-ard mar gheall ar shrianta eacnamaíocha.

*Tosca tábhachtacha chun na caighdeáin atá beartaithe maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach*

Chomh maith le caighdeáin nua maidir le cáilíocht an aeir a leagan síos, déanann an togra roinnt codanna eile den chreat beartais maidir le cáilíocht an aeir a nuashonrú agus a fhorbairt a thuilleadh, chun cur le héifeachtacht na n-iarrachtaí chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a fheabhsú agus chun na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach. Áirítear leis sin, mar shampla, forálacha i ndáil leis an méid seo a leanas: pleananna maidir le cáilíocht an aeir; sáruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a chosc nó iad a choinneáil chomh gearr agus is féidir; an chaoi agus an áit a ndéantar measúnú agus faireachán ar cháilíocht an aeir; comhar idir na Ballstáit maidir le truailliú trasteorann; úsáid a bhaint as samhaltú cháilíocht an aeir; agus faisnéis phoiblí faoi cháilíocht an aeir.

Phléigh an Mheitheal um an gComhshaol na forálacha sin go mion agus, ag an am céanna, phléigh sí gnéithe mar shampla an gá atá le comhchuibhiú idir na Ballstáit ar mhaithe le hinchomparáideacht, na costais riaracháin a bhaineann le faireachán agus measúnú níos uaillmhianaí, gnéithe trasteorann den truailliú aeir, na forálacha nua maidir le rochtain ar cheartas agus ar chúiteamh agus forálacha feabhsaithe maidir le pionóis.

Mar a luadh thuas, déanann beartais eile a mbíonn tionchar acu ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhearnálacha difear do stádas an truaillithe aeir freisin. Is díol spéise ar leith iad roinnt tograí atá á gcaibidil faoi láthair, lena n-áirítear, mar shampla, maidir le caighdeáin astaíochtaí Euro 7 d'fheithiclí bóthair, caighdeáin $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Chuir na toscaireachtaí in iúl go bhfuil sé tábhachtach go socrófar na píosaí reachtaíochta sin agus píosaí eile reachtaíochta a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht an aeir ar leibhéil uaillmhéine atá i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhunófar tríd an athbhreithniú atá á dhéanamh faoi láthair ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir.

**Ceisteanna ar na hairí**

Chun an obair bhreise ar an gcomhad seo a threorú, iarrtar ar na hairí tuairimí a mhalartú bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

1. An measann tú gur leibhéal iomchuí uaillmhéine iad na caighdeáin atá beartaithe maidir le cáilíocht an aeir agus a dteacht i bhfeidhm ó 2030 chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú an aeir chomhthimpeallaigh?

2. Cad iad na tosca is tábhachtaí, dar leat, chun na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir agus an cuspóir fadtéarmach maidir le truailliú nialasach a bhaint amach? An dtugtar aghaidh leordhóthanach orthu sin sa treoir atá beartaithe?